

A Chomhairleoirí, a Theachtaí Dála, a mhúinteoirí agus a chomhscoláirí,

Ar dtús báire ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as ucht an cuireadh a thug sibh dúinn, muintir óga na Gaeltachta agus na nOileán, tíocht anseo inniu, chun ár dtuairimí pearsanta faoi na deiseanna agus na dúshláin a bheidh amach romhainn agus muid ag fágáil na scoile chun aghaidh a thabhairt ar an saol mór, a chur os bhur gcomhair.

Aoife Nic Giolla Dé is ainm dom. Táim cúig bliana déag d'aois agus is scoláire Idirbhliana mé ag freastal ar Choláiste Naomh Éinne in Inis Mór. Beidh mé ag déanamh m'Arde Teist I mí Meithimh 2020.

Ní féidir a shéanadh ach gur iomaí deis a chruthaíonn fás aníos ar oileáin ghaeltachta. De bharr an líon bheag scoláirí sna scoileanna, is mór an cúnamh breise a faigheann scoláirí óna múinteoirí sna ranganna agus go ginearálta agus iad ag ullmhú do scrúduithe.

I mo thuairimse, tá an t-ádh dhearg orainn freastáil ar Ghaelscoil. Gan caint fiú ar na deiseanna a chruthaíonn laofacht an teanga dúinn sna todhchaí, mar gheall go ndéanann muid ár nábhar trí Ghaeilge don Arde Teist, faigheann muid breis phointí, rud a chabhraíonn go mór le scoláirí a rogha cúrsa a fháil san Ollscoil.

Tá sé soiléir go gcruthaíonn freastáil ar scoileanna oileáin ghaeltacha go leor seansanna ard phointí a bhaint amach san Arde Teist, is iomaí dúshláin a chruthaíonn sé freisin. Mar gheall ar an líon beag scoláirí, tá líon bheag múinteoirí agus mar gheall ar sin, tá muid ag cailleadh amach ar réimse leathan ábhair cosúil le rogha teangacha, staidéar cleasiceacha, agus na hábhair eile eolaíochta – Ceimic, Fisic nó Fis-Ceim – ábhair atá riachtanach dóibh siúd gur mhian leo staidéar leigheas nó tréidliachta a dhéanamh san ollscoil. Níl sé dodhéanta dóibh na cúrsaí seo a dhéamh ach thógadh sé bliain nó dhó níos faide ná is gnáth.

Dúshláin mór a bheidh romhainn go pearsanta agus mé ag tabhairt aghaidh ar an Ollscoil ná an spóirt. Tá an-suim agam sa spóirt, go háirithe na cluichí gaelacha, ach mar gheall nach bhfuil a ndóthain béime ar spóirts sa scoil nó a ndóthain cailíní anseo chun foireann a bheith ann, níl an seans agam na cluichí sin a imirt. Tá imní orm nach mbeidh an caighdeán céanna scileanna agam is a bheidh acu siúd atá ag imirt le clubanna ó bhí siad ina pháistí óga. Rud a d'fhéadfadh stop a chur liom áit a fháil ar fhoireann. Dúshláin a chruthaigh an scoil agus an áit cónaigh atá agam dhom.

Imní eile atá agam agus mé ag tabhairt aghaidh ar an Ollscoil, ná an líon daoine a bheidh thart orm. Beibh mé ag suí isteach ar léachtanna le níos mó daoine ná atá ag phobal an oileáin iomlán.

Ba maith liom buíochas a ghlacadh libh as ucht éisteacht liom inniú. Sin é atá le rá agam. Go raibh maith agaibh.